

Tá obair nua, déanta ag dealbhadóir Vincent Browne, ar a dtugtar **'The Tree of Life'** agus dhéan Comhairle Contae Fhine Gall é seo a choimisiúnú i 2005. Is taobh amuigh d'Oifigí na Cathrach, Baile Bhlainséir atá sé.

COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL
Fingal County Council

PLEAN CORPARÁIDEACH 2010 – 2014
Corporate Plan 2010 – 2014

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

ÁBHAIR

1. Ráiteas Misin 03

2. Bunluachanna 04

3. Réamhrá 05

4. Timpeallacht Feidhmiúcháin 06

5. Cuspóirí an Pholasaí Chorparáidigh le haghaidh na hEagraíochta 10

6. Cuspóirí an Pholasaí Straitéisigh don Soláthar Seirbhíse Isteach 11

7. Cuspóirí an Pholasaí Straitéisigh don Soláthar Seirbhíse Amach 12

8. Comhairle Baile Bhaile Brigín 14

9. Cur i bhfeidhm agus Monatóireacht 15

Struchtúr Na Heagraíochta 16

Aguisín 1 18

Aguisín 2 19

1. RÁITEAS MISIN

Cáilíocht bheatha ár **saoránach** agus ár bpobal a fheabhsú trínár **gcontae a fhorbairt** agus an réigiún a threisiú le **fás eacnamaíoch inbhuanaithe**.

2. BUNLUACHANNA

Cáilíocht bheatha ár saoránach agus ár bpobal a fheabhsú trínár gcontae a fhorbairt agus an réigiún a threisiú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe.

RATHÚNAS

Cuidiú le daoine agus gnóthais an méid is mó a bhaint as deiseanna chun a rathúnas a mhéadú agus chun cur ar chumas na sochaí iomlán tairbhe a bhaint as an rathúnas sin.

- Cinnteoimid go mbeidh Fine Gall ar an áit is tarraingtí sa réigiún chun gnó a dhéanamh.
- Fiosróimid ár bhféidearthacht eacnamaíoch iomlán agus méadóimid deiseanna fostaíochta dár saoránaigh.
- Tacóimid le hoideachas chun ár riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha a fhorbairt.
- Cabhróimid le tógáil geilleagar cliste, a chomhcheanglóidh an chuid is fearr d'fhiontar agus nuálaíocht, a chuirfidh timpeallacht ardchaighdeáin chun cinn, a fheabhsóidh slándáil fuinnimh agus a chuirfidh comhtháthú sóisialta chun cinn.
- Tacóimid le forbairt geilleagair ghlais inbhuanaithe.

AN POBAL

Cabhrú le pobail fás, le bheith ina n-áiteanna níos láidre agus níos sábháilte le cónaí iontu, ag cur deiseanna feabhsaithe agus cáilíocht bheatha níos fearr ar fáil.

- Imreoimid tionchar ar fhorbairt luachanna sibhialta a dhéanann áiteanna níos sábháilte ó choir, mhí-ord agus dhainséar dár bpobail.
- Cuirfimid áiteanna dea-dheartha inbhuanaithe chun cinn, ina mbeidh rochtain ag gach duine ar na háiseanna agus na seirbhísí atá de dhíth orthu.
- Tacóimid le pobail láidre stuama tacaíocha ina nglacann daoine freagracht as a ngníomhartha féin agus as an éifeacht a bhíonn acu ar dhaoine eile.
- Cuirfimid bród chun cinn as áit atá láidir, cothrom agus cuimsitheach le cónaí agus le hoibriú ann.
- Soláthróimid ár seirbhísí poiblí go héifeachtach, ar an mbealach is fearr agus is féidir linn agus sna háiteanna ina bhfuil siad de dhíth.

NÍOS CLISTE

Cuirfimid foghlaim ar feadh an tsaoil chun cinn agus tacóimid leis chun deiseanna a mhéadú agus chun an tairbhe a thagann as ár ngnóthachtálacha a roinnt.

- Cabhróimid lenár n-aos óg le bheith ina bhfoghlaimeoirí rathúla, ina ndaoine muiníneacha, ina rannpháirtithe éifeachtacha agus ina saoránaigh fhreagracha.
- Cabhróimid leis an tús is fearr sa saol a thabhairt dár leanaí agus cabhróimid leo bheith ullmhaithe le bheith rathúil.

NÍOS GLAISE

Ár dtimpeallacht nádúrtha agus thógtha a fheabhsú, chomh maith le húsáid agus sult inbhuanaithe a bhaint as.

- Luach a bheith againn agus sult a bhaint as ár dtimpeallacht thógtha agus nádúrtha agus chun é a chosaint agus a fheabhsú do na glúnta amach anseo.
- An tionchar áitiúil agus domhanda atá ag ár saol ar an chomhshaol a laghdú sna rudaí a úsáidimid agus a dhéanaimid.

NÍOS FOLLÁINE

Cabhróimid le daoine sláinte ár saoránach a inbhuanú agus a fheabhsú, go háirithe i bpobail faoi mhíbhuntáiste, trí ghníomhaíochtaí fóillíochta a sholáthar agus trí chinntiú go bhfuil Fine Gall inrochtana do gach duine.

- Tá sé mar aidhm againn na neamhionannais sa tsochaí a laghdú trínár n-obair agus tríd an gcaoi a ndéanaimid an obair sin.
- Déanfaimid ár ndícheall na deiseanna saoil do leanaí, daoine óga agus teaghlaigh i mbaol a fheabhsú.

Tabharfaidh na bunluachanna seo treoir dár ngníomhartha thar na cúig bliana amach romhainn ag soláthar dúshraithe do rialachas corparáideach sármhaith laistigh d'Fhine Gall.

3. RÉAMHRÁ

Tá lúcháir orainn Plean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall don tréimhse 2010-2014 a chur i láthair. Ghlac na Baill Thofa leis an Phlean ag cruinniú na Comhairle ar an 14 Nollaig 2009 agus comhthiteann sé le téarma cúig bliana na Chomhairle. Leagann sé amach ráiteas misin agus bunluachanna na Comhairle seo, na príomhchuspóirí atá le baint amach le linn na tréimhse seo agus na straitéisí le haghaidh sheachadadh na gcuspóirí seo.

Is iomaí dúshlán atá roimh Chomhairle Contae Fhine Gall sna cúig bliana amach romhainn agus mar a deir ár ráiteas misin **"feabhsóimid cáilíocht bheatha ár saoránach agus ár bpobal trínár gcontae a fhorbairt agus an réigiún a threisiú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe"**. Beidh sé dúshlánach go háirithe thar shaol an phlean seo é seo a dhéanamh ar bhealach atá ciallmhar don saoránach, don cháiníocóir, don bhall foirne agus don bhall tofa.

Chomh luath agus is a bhí scála na n-athruithe eacnamaíocha ar eolas, thug an Chomhairle faoi imscrúdú sonrach ar gach réimse caiteachais, ag féachaint le dreasú éifeachtachta ar fud na seirbhíse a eagrú. Ní raibh sé éasca na héifeachtachtaí seo, in eagraíocht de 1600 duine roinnte in ocht rannóg, a bhaint amach. Baineadh amach gnóthachtálacha luacha i bhfógraíocht, teileachumarsáid, fuinneamh agus gléasra ar cíos i measc roinnt eile.

Tá sé soiléir don bheirt againn go bhfuil na treochtaí caiteachais i mblianta beaga anuas ag athrú go suntasach agus go tapa ar dhá chúis:

(1) Cultúr athraithe laistigh den eagraíocht atá follasach i bhfreagrúlacht na foirne iomláine le gairmeacha ar éifeachtacht níos fearr, laghdú costais,

agus

(2) Timpeallacht margaidh atá i bhfad níos iomaíche ó thaobh praghais de maidir le gléasra, ábhair agus seirbhísí atá seachfhoinsithe.

Bhí ról tábhachtach ag na Baill Thofa i gcur nádúr na gcúinsí athraithe eacnamaíocha in iúl chomh maith leis an ngá go mbeadh gach earnáil réadúil ina n-ionchas. Tá sé ríthábhachtach go leanfaimis go léir ar aghaidh ag déanamh ár ndíchill féin ag obair do thairbhe Fhine Gall agus ar an dóigh seo is féidir cáilíocht bheatha an uile dhuine a fheabhsú.

Rinne Grúpa Polasaí Chorparáidigh na Comhairle dréacht an Phlean seo a bhreithniú sula ndearna siad é a mholadh don Chomhairle iomlán le faomhadh.

D O'Connor
Bainisteor Contae

C Byrne
Méara

4. TIMPEALLACHT FEIDHMIÚCHÁIN

A. GINEARÁLTA

Bunaíodh Comhairle Contae Fhine Gall sa bhliain 1994. Idir 1994 agus 2009 d'fhás ár ndaonra ó 168,000 go beagnach 250,000. Mhéadaigh ár mbuiséad ioncaim bliantúil chun seirbhísí laethúla na Comhairle a chur ar fáil ó €62 milliún go €258 milliún thar an tréimhse sin.

Is é Fine Gall an contae is gasta fás in Éirinn. Táimid sainithe anois ag ár bhfás daonra suntasach. Mhéadaigh ár ndaonra de 22% idir 2002 agus 2006. In ainneoin an choir chun donais san eacnamaíocht táimid ag dréim go leanfaidh daonra Fhine Gall leis ag fás. Is iad Baile Bhlainséir agus Sord ár bpríomhionaid fáis agus tháinig méadú suntasach ar Bhaile Brigín chomh maith. Thaispeáin daonáireamh 2006 go mbaineann 17% de dhaonra Fhine Gall leis an phobal neamh-Éireannach, i gcomparáid le 10% sa tír go léir.

Tá ár dtírdhreach iléagsúil chomh maith. Clúdaíonn Fine Gall limistéar de 450 km² agus tá sé teorannaithe ag Cathair Bhaile Átha Cliath, Deisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, an Mhí agus Cill Dara. Tá 88 km de chósta againn, ag dul ó Chill Fhionntain go Baile Brigín. Tá trí inbhear chosanta again, gnáthóga riasca goirt agus trí mhórthrá dhéag. Tá Abhainn na Life mar theorainn thiar-theas againn.

Tá todhchaí spreagúil amach anseo le chéile ag ár bpobail thuaithe, uirbeacha agus fho-uirbeacha nua agus seanbhunaithe.

B. TIMPEALLACHT SHEACHTRACH

I measc na mbuntáistí eacnamaíocha suntasacha atá ag Fine Gall tá Aerfort Bhaile Átha Cliath, rochtain thapa ar Phort Bhaile Átha Cliath, infreastruchtúr iarnróid, bóthair, cumhacht agus teileachumarsáide, cóngaracht do lár chathair Bhaile Átha Cliath agus ár suíomh ar chonair eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath – Bhéal Feirste, agus cinntíonn siad seo ár bhfás leanúnach sa todhchaí. Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath suntasach go náisiúnta a bhuíochas lena bhonn fostaíochta, tréchur paisinéirí agus seirbhísí aerlasta agus tá sé go fóill ina phríomh-mhol eacnamaíochta i bhFine Gall.

Leathnóidh Clár Infheistíochta Iompair an Rialtais, Transport 21, an DART go Baile Brigín agus seachadfaidh sé an Meitreo Thuaidh ó lár Chathair Bhaile Átha Cliath go Sord via Aerfort Bhaile Átha Cliath. D'ainmnigh an staidéar ar Chonair Eacnamaíoch Meitreo Thuaidh 37,000 post féideartha nua i bhFine Gall ag eascairt go díreach ón Meitreo Thuaidh. Nascfaidh Meitreo Thiar ceantar Bhaile Bhlainséir le Sord.

Tá Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir i bhFine Gall agus tá rochtain éasca againn ar institiúidí agus coláistí tríú leibhéal eile ar Theorainn ár gContae.

Tá tionchar nach beag ag tosca Idirnáisiúnta, Náisiúnta agus Réigiúnacha ar thimpeallacht feidhmiúcháin Fhine Gall. Ar a uain, caithfidh Fine Gall feidhmiú go héifeachtach chun go gcuirfear polasaithe Náisiúnta, Réigiúnacha agus an AE i bhfeidhm i gceart.

Cé go meallann Fine Gall leibhéil arda d'infheistíocht eachtrannach sna hearnálacha TFC agus Cógaisíochta, tá sé leochaileach chomh maith do threochtaí domhanda. Sa mhéid go bhfuil geilleagar an-oscailte ag Fine Gall tá sé riachtanach go bhfreagrófar go tapa le cúinsí eacnamaíochta domhanda agus ag féachaint leis seo, leanfaimid ar aghaidh ag obair leis an ÚFT agus le heagraíochtaí eile chun Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a fháil d'Fhine Gall thar thréimhse an phlean seo.

Áirítear lenár mbonn tionsclaíoch bogearraí agus crua-earraí ríomhaire, cógaisíocht, próiseáil bia, leictreach/leictreonaic, ceardaíocht agus seirbhísí. Tá tionchar mór ag an Aontas Eorpach, a mhaoiniú agus a riachtanais comhlíonta le Treoracha an AE ar Fhine Gall.

Caithfidh Fine Gall cuid mhór polasaithe agus straitéisí náisiúnta a bhreithniú, lena n-áirítear: an Plean Forbartha Náisiúnta, an Straitéis Spáis Náisiúnta, Forbairt na hÉireann a Dhéanamh Inbhuanaithe (2002), An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007 – 2016 agus cuid mhór tionscnamh ríomh-Rialtais.

Caithfimid chomh maith comhoibriú ar cheisteanna réigiúnacha lena n-áirítear pleanáil fhisiceach, infreastruchtúr iompair agus seirbhísí uisce, bainistiú dramhaíola, bainistiú an chósta agus bíonn tionchar ag na ceisteanna seo, ar a n-uain, ar ár n-obair.

Is é Fine Gall an príomhréigiún táirgeachta gortóireachta cé go bhfuil limistéir táirgeachta ag teacht faoi bhrú níos mó agus níos mó ó fhorbairt de réir mar a iompaíonn bailte tuaithe ina mbailte dórtúir don Chathair. Is é Cuan Bhinn Éadair an chuan iascaireachta is mó ar an Chósta Thoir agus is é an cúigiú ceann is mó sa tír.

Caithfidh Comhairle Contae Fhine Gall na gníomhartha sonraithe i Straitéis Bhord Forbartha Chontae Fhine Gall 2009 – 2012 a nótáil, 'sé sin "Ag Tógáil Fine Gall Níos Fearr".

Táimid ag dréim go leanfaidh daonra Fhine Gall ar aghaidh ag fás agus ní raibh an gá le deiseanna fostaíochta agus oideachais a fhorbairt riamh níos mó ná mar atá anois. Ar an drochuair, is fadhbanna tromchúiseacha iad dífhostaíocht, bochtaineacht agus míbhuntáiste sóisialta i roinnt ceantar. Caithfidh cur chun cinn cuimsiú sóisialta agus comhionannais bheith mar bhonn ag ár bhforbairt polasaí uile. Leanfaimid ar aghaidh ag úsáid aiseolais ónár bpobail chun ár dtionchar ar fhorbairt polasaithe náisiúnta a fhoirmiú.

Féachfaidh Comhairle Contae Fhine Gall le naisc thrádála dhíreacha a spreagadh idir gnóthais Fhine Gall agus na tíortha as a dtáinig pobail neamhnáisiúnta Fhine Gall.

C. TIMPEALLACHT INMHEÁNACH

Áirítear lenár dtimpeallacht inmheánach na Rannóga a chuireann tacaíocht ar fáil dár Rannóga Seirbhísí - Gnóthaí Corparáideacha, Aonad Iniúchta & Éifeachtachta, Airgeadas, Acmhainní Daonna, TF, Ailtirí, Dlí, Leabharlanna, Oifig na nEalaíon agus an Oifig Cumarsáide.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta de daonlathas áitiúil a thabhairt chuig ár saoránaigh sa dóigh is gur féidir leo teacht ar sheirbhísí sna pobail ina gcónaíonn siad agus ina n-oibríonn siad. Soláthraíonn ár n-oifigí i Sord, i mBaile Bhlainséir, i mBaile Brigín agus i mBaile Dúill, maille le naoi Leabharlann, líonra sármhaith de phointí teagmhála fisiceacha dár gcónaitheoirí. Leanfaimid ar aghaidh ag feabhsú ár gcóras TFC ag fanacht suas chun dáta leis na teicneolaíochtaí a bhíonn de shíor ag athrú agus ag forbairt ár pointí teagmhála fíorúla, inar féidir le saoránaigh Fhine Gall rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar eolas.

Ba é Comhairle Contae Fhine Gall an chéad údarás áitiúil chun tús a chur le cruinnithe na Comhairle a chraoladh ar an nGréasán sa bhliain 2007. Ó sin ar aghaidh, leathnaíodh an craoladh ar an ngréasán tríd an Scéim Ríomh-Rannpháirtíochta agus úsáidtear é go forleathan mar uirlis rochtana sa phobal i gcoitinne agus sna meáin chun teacht ar dhaonlathas áitiúil ón mbaile nó ón áit oibre. Leanfaimid ar aghaidh ag forbairt na háise seo mar uirlis chumarsáide do shaoránaigh Fhine Gall.

Tá leibhéil soláthar foirne caidhpeailte faoi láthair de réir Treorach ón Rialtas. Ní dhéanfar folúntais a eascraíonn a líonadh agus is dócha nach n-athróidh an polasaí seo go gearrthéarmach. Mar sin, caithfear seirbhísí breise a sholáthar trí athúsáid pearsanra agus trínár mbaill foirne agus ár gcórais TF a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí. Molaimid go ndéanfaí ár n-eagraíocht a athstruchtúrú chun iarracht a dhéanamh leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí tábhachtacha. Má dhéantar an Chomhairle a athstruchtúrú athrófar an dóigh inar sholáthraíomar seirbhísí go traidisiúnta, ag an am céanna ag obair go dian chun a chinntiú nach bhfulaingeoidh ár saoránaigh aon laghdú i gcaighdeán na seirbhísí sin.

D. FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL (2010 – 2014)

D'fheidhmigh an struchtúr Comhairle reatha, atá i bhfeidhm ó lár na 1990í, go maith agus d'fhreastail sé ar riachtanais na Comhairle in am de leathnú agus fás daonra nach beag. Inniu, siocair na gcúinsí eacnamaíocha athraithe agus acmhainní airgeadais agus daonra atá ag méadú, tá sé in am an struchtúr atá ann a athchóiriú chun ár riachtanais atá ag athrú a chomhlíonadh agus chun naisc níos dlúithe a fhorbairt lenár bpobail. Caithfimid leanúint ar aghaidh ag feabhsú ár dteicneolaíochta agus ag cur leis na bealaí inar féidir le daoine rochtain a fháil ar ár seirbhísí.

Agus seo mar aidhm againn, tá struchtúr eagraíochtúil ag fabhrú le grúpáil níos simplí de sheachadadh seirbhíse i dtrí chatagóir:

- Corparáideach
- Straitéiseach
- Feidhmíochta

Forbróidh an t-atheagrú seo bealach níos fearr chun ceangal le muintir Fhine Gall sa dóigh is go ndéanfar seirbhísí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí chomh gar agus is féidir don áit ina bhfuil siad de dhíth.

Déantar cur síos ar Chuspóirí **Corparáideacha** agus **Straitéiseacha** na Comhairle do shaol an Phlean Chorparáidigh anseo thíos. Déanfar na Cuspóirí **Feidhmíochta** a athbhreithniú agus athróidh siad de réir mar a athraíonn tosaíochtaí feidhmíochta thar shaol an Phlean seo agus leagfar na cuspóirí seo amach gach bliain sna Pleananna Feidhmíochta Bliantúla do gach réimse seachadta seirbhíse.

5. CUSPÓIRÍ AN PHOLASAÍ CHORPARÁIDIGH LE HAGHAIDH NA HEAGRAÍOCHTA

(a) Thar thréimhse cúig bliana an Phlean Chorparáidigh seo bainfidh an eagraíocht fónamh as an timpeallacht iomaíoch atá ann mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta, chun leanúint de sholáthar an ardleibhéil seirbhíse. Cé go laghdóidh an líon foirne, déanfaimid atheagrú ar chleachtais oibre agus spreagfaimid an fhoireann chun déanamh amhlaidh.

(b) Déanfaimid athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar cé chomh héifeachtach a sholáthraímid ár seirbhísí agus déanfaimid comhshnaidhmeadh ar a bhfuil foghlamtha againn san eagraíocht athstruchtúrtha.

(c) Feidhmeoidh an bhainistíocht go dlúth leis na bhfoireann chun na nithe seo a leanas a bhaint amach:

(1) (1) Seirbhís dár saoránaigh ar luach maith ar airgead í agus a ndéantar í a rith go héifeachtach

(2) (2) Struchtúr a chuireann ar chumas na foirne a gcumas a úsáid chun cur go cruthaitheach, dearfach leis an gComhairle

(3) Feabhas ar dhaonlathas áitiúil.

(d) Breathnóimid ar bhealaí nua chun ár seirbhísí a sholáthar agus chun smaointeoireacht nuálaíoch a spreagadh sa chaoi a n-idirghníomhaíonn an Chomhairle lena saoránaigh, lena lucht gnó agus lena Baill Thofa.

6. CUSPÓIRÍ AN PHOLASAÍ STRAITÉISIGH DON SOLÁTHAR SEIRBHÍSE ISTEACH

Cuspóir an Pholasaí Straitéisigh Airgeadais

A chinntiú go bhfanfaidh croísheirbhísí na Comhairle ina seirbhísí inbhuanaithe inmharthana trína chinntiú go mbainfimid an fónamh is fearr as ár n-acmhainní, go n-oibreoimid go héifeachtach agus go mbainfimid an luach is fearr ar airgead amach i ngach réimse oibre agus a chinntiú go ndéanfar bainistiú éifeachtach ar an gcaiteachas ó lá go lá.

Cuspóir an Pholasaí Straitéisigh Teicneolaíochta Faisnéise

Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí do shaoránaigh Fhine Gall trí chórais teicneolaíochta agus chumarsáide a thabhairt isteach agus a fheabhsú, ar córais iad a chuideoidh linn bheith i mbun gnó agus seirbhísí a sholáthar ar bhealaí nua agus a chinntiú gur féidir lenár mBaill Thofa rochtain éasca ábhartha a fháil ar eolas trí mheán an Eislín.

Cuspóir an Pholasaí Straitéisigh Acmhainní Daonna

Tacú le cuspóirí corparáideacha na Comhairle trí bhainistiú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an Chomhairle agus an fostóir, agus a fhostaithe. A chinntiú gur féidir le gach fostaí a scileanna a fhorbairt go barr cumais agus go mbainfidh siad úsáid as a scileanna ar bhealach a chinnteoidh go ndéanfar optamú ar obair na Comhairle.

Cuspóir an Pholasaí Straitéisigh Gnóthaí Corparáideacha

Daonlathas a dhaingniú trí sheirbhísí éifeachtacha tíosacha a sholáthar don Chomhairle Tofa agus trí bheith rannpháirteach ar bhealach níos éifeachtaí le saoránaigh Fhine Gall.

Cuspóir an Pholasaí Straitéisigh Seirbhísí Tacaíochta

Leanúint ag soláthar seirbhísí intí speisialtóireachta i réimsí na seirbhísí dlí agus ailtireachta chun acmhainneacht agus tionchar na Comhairle a chur chun cinn.

7. CUSPÓIRÍ AN PHOLASAÍ STRAITÉISIGH DON SOLÁTHAR SEIRBHÍSE AMACH

Pobal, Áineas & Conláistí:

Tacú le hobair na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha agus bród cathartha níos fearr a chothú maille le céannacht níos láidre i leith Fhine gall. Pobail chuimsitheacha inbhuanaithe a fhorbairt agus feabhas a chur ar cháilíocht bheatha na sochaí i gcoitinne, lena n-áirítear réimse deiseanna don chaitheamh aimsire a fhorbairt d'áitritheoirí an Chontae.

Comhshaol:

Polasaithe inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do chaomhnú an chomhshaoil, agus an phríomhsprioc leis seo ná díriú ar chosc le dramhaíl agus ar laghdú agus íoslaghdú dramhaíola.

Forbairt Eacnamaíochta:

Gníomhaíocht eacnamaíochta agus cruthú post i bhFine Gall a chothú, bunriachtanas ag Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath, atá iomaíoch go hidirnáisiúnta, trí ghnóthaí a thiomáineann eacnamaíocht inbhuanaithe a mhealladh chuig an gContae chun forbairt eacnamaíochta a dhaingniú, ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit chun infheistiú isteach a mhealladh, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus naisc thrádála dhomhanda idirnáisiúnta a fhorbairt.

Bord Forbartha Fhine Gall:

Forbairt eacnamaíochta, shóisialta & chultúrtha Fhine Gall a chur chun cinn agus cáilíocht bheatha níos fearr a sholáthar dá shaoránaigh uile trí fheabhas a chur ar sholáthar comhordaithe seirbhísí arna maoiniú go poiblí i bhFine Gall.

Cuimsitheacht Shóisialta:

Straitéis don Chuimsitheacht Shóisialta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Chomhairle Contae Fhine Gall a chuideoidh leis an gComhairle seirbhísí níos fearr a sholáthar do chustaiméirí go háirithe do phobail faoi mhíbhuntáiste agus daoine faoi mhíchumas agus forbairt a dhéanamh ar 'Straitéis áitiúil Frithbhochtaineachta agus Cuimsitheachta Sóisialta' (SÁFCS) i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara tábhachtacha.

Athrú Aeráide:

Coigiltis de 3% in aghaidh na bliana, mar thús, a bhaint amach in úsáid fuinnimh agus oibriú i dtreo sprioc fhoriomlán de laghdú 33% faoi 2020.

Tithíocht:

Tithíocht shóisialta nó tithe ar phraghas réasúnta a sholáthar, nó tacú lena soláthar, a chuideoidh pobail inbhuanaithe a fhorbairt agus freastal ar riachtanais ár saoránach. Leanúint lenár dtiomantas i leith mhúnla na tithíochta tionachta measctha de thithíocht shóisialta, de thithíocht ar phraghas réasúnta agus de thithíocht phríobháideach.

Pleanáil:

Ár ról a chur i gcrích mar Údarás Pleanála ar na caighdeáin chleachtais is fearr; aireach ar ár ndualgas cúraim don phleanáil is fearr agus don fhorbairt inbhuanaithe, agus mar aidhm againn freastal ar riachtanais bhonneagair, shóisialta agus eacnamaíochta an Chontae.

Iompar:

Tacú le cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha chun feabhas a chur ar bhonneagar iompair Fhine Gall, cineálacha inbhuanaithe iompair a spreagadh agus a chothú agus feabhas a chur ar fhorbairt eacnamaíochta agus shóisialta Fhine Gall trí bhonneagar riachtanais iompair a sholáthar de réir na gcaighdeán is airde d'úsáid chomhtháite talún agus de chleachtas iompair.

Seirbhísí Uisce:

Cosaint agus soláthar an tsoláthair uisce óil is airde caighdeán, agus bainistiú a dhéanamh ar chóireáil agus ar dhiúscairt fuíolluiscí, sócmhainní an chomhshaoil nádúrtha a chosaint dár saoránaigh uile, fad is atáthar ag freastal ar na riachtanais atá ag dul i méid sa chontae agus ag daingniú sláinte mhaith phoiblí.

Comhchoistí Póilíneachta:

Bhí Comhchoiste Póilíneachta Fhine Gall ar cheann de 22 coiste píolótach a bunaíodh go déanach sa bhliain 2006 sular cuireadh é i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta sa bhliain 2008. Cuireann na CP fóram ar fáil don Údarás Áitiúil, do na Gardaí, do bhaill den Oireachtas agus do leasa poiblí dul i gcomhairle lena chéile, plé a bheith eatarthu agus moltaí a dhéanamh maidir le nithe a théann i bhfeidhm ar phóilíneacht sa cheantar. Reáchtáladh sraith cruinnithe poiblí ar fud an Chontae chun tuairimí an phobail a fháil maidir le póilíneacht sna pobail áitiúla.

Comhoibriú Idirghníomhaireachta:

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ag obair i gcomhar leis na hearnálacha Deonacha, Reachtúla agus pobail atá ag feidhmiú laistigh den Chontae chun polasaithe agus pleananna a chur i bhfeidhm i réimsí comhleasa.

8. COMHAIRLE BAILE BHAILE BRIGÍN

Cuireann Comhairle Baile Bhaile Brigín ceannaireacht shaoránach ar fáil do mhuintir Bhaile Brigín. Déanann an chomhairle ionadaíocht ar son chúiseanna imní agus riachtanais an phobail le Comhairle Contae Fhine Gall, le ranna Rialtais agus le forais reachtúla agus déanann cur chun cinn ar an mbaile mar áit mhaith le bheith ag cónaí, ag obair agus le cuairt a thabhairt uirthi.

Fairsingíodh teorainn an bhaile i mí Feabhra 2009 agus léiríonn seo an fás ar an mbaile agus soláthraíonn deis d'áitritheoirí i gcodanna nua de Bhaile Brigín vóta a chaitheamh i dtoghcháin na Comhairle Baile. I láthair na huaire seasann daonra Bhaile Brigín ag 18,000.

Léiríonn an fás leanúnach ar Bhaile Brigín agus ar an gceantar máguaird an tábhacht a bhaineann le ról na Comhairle Baile. Ní foláir do Chomhairle Baile Bhaile Brigín agus do Chomhairle Contae Fhine Gall oibriú go dlúth lena chéile chun freastal ar mhuintir Bhaile Brigín. Tá an Chomhairle Baile mórálach as a rannpháirt i roinnt mhaith grúpaí pobail agus deonacha a fheidhmíonn chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha i mBaile Brigín agus ar fud na dtionscnamh pobail agus comhshaoil.

9. CUR I BHFEIDHM AGUS MONATÓIREACHT

Cuirfear tuarascáil iomlán bhliantúil ar fáil don Chomhairle iomlán gach bliain ag cur síos ar an dul chun cinn atá déanta ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh agus ar Phleananna Oibríochtúla bliantúla. Cuirfear san áireamh freisin sonraí na dtáscairí feidhmíochta don soláthar seirbhíse.

Foilseofar an cháipéis seo a luaithe agus is féidir tar éis don Chomhairle iomlán glacadh léi. Scaipfear cóipeanna ar chomhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall agus Chomhairle Baile Bhaile Brigín agus beidh siad ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA

Bainisteoir Contae

An Fhoireann Bainistíochta

- **Stiúrthóir Iompair & Seirbhísí Uisce**
- **Stiúrthóir Pleanála**
- **Stiúrthóir Tithíochta**
- **Stiúrthóir Comhshaoil, Eacnamaíochta & Forbairt Shóisialta**
- **Stiúrthóir Áineasa Pobail & Conláistí**
- **Ceann Gnóthaí Corparáideacha & AD**
- **Ceann Airgeadais**
- **Ceann TF**

Struchtúr na Foirne

Foireann Bainistíochta	9
F. Cléireachais/Riar.	539
Gairmiúil/Teicniúil	339
Allamuigh	602
Iomlán	**1489**

Coistí na Comhairle

COMHAIRLE CONTAE **24 Ball**

COISTÍ LIMISTÉIR:

CL Bhaile Brigín/Shord	10 mBall
CL Chaisleán Cnucha/Mhullach Eadrad	9 mBall
CL Bhinn Éadair/Mhullach Íde	5 Bhall

GRÚPA AN PHOLASAÍ CHORPARÁIDIGH:

Méara agus Cathaoirligh na gCúig Choiste Polasaí

COISTÍ AN PHOLASAÍ STRAITÉISIGH:

Iompar
17 mBall - 10 gComhairleoir & 7 Nach Comhairleoirí

Tithíocht
18 mBall - 10 gComhairleoir & 8 Nach Comhairleoirí

Pobal & Ginearálta
15 Bhall - 8 gComhairleoir & 7 Nach Comhairleoirí

Pleanáil
17 mBall - mBall - 10 gComhairleoir & 7 Nach Comhairleoirí

Timpeallacht
17mBall - 10 gComhairleoir & 7 Nach Comhairleoirí

Comhairle Baile Bhaile Brigín

Méara an Bhaile

Cléireach Baile

9 gComhairleoir Baile

AGUISÍN 1

LIOSTA NA GCÁIPÉISÍ STRAITÉISEACHA

- Plean Forbartha Fhine Gall 2005-2011
- Pleananna agus Staidéir Limistéir Áitiúil
- Straitéisí Lárionaid Uirbigh
- Plean Oidhreachta Fhine Gall
- Limistéir Chaomhantais Ailtireachta
- An Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha

- Straitéis Fóillíochta Fhine Gall
- An Straitéis Bhithéagsúlachta
- Straitéis na gCrann
- An Plean Ealaíon
- An Plean Spóirt

- Plean Gníomhaíochtaí don Fhorbairt Eacnamaíochta do Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath
- Straitéis na Forbartha Eacnamaíochta do Chonair Eacnamaíoch Mheitreo Thuaidh
- Conair Eacnamaíochta M1– Plean don Fhorbairt Eacnamaíochta

- Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2009
- Straitéis BFFG 2009 -2012, "Building a Better Fingal"

- An Straitéis Tithíochta
- An Plean Gníomhaíochta Tithíochta
- An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil
- "A Key to the Door" Plean Réigiúnach Bhaile Átha Cliath do Dhídeanaithe

- Plean Forfheidhmithe Míchumais Fhine Gall 2008 – 2010

- Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce
- Plean Bainistíochta Abhantraí d'Abhantrach na hAbhann Thoir agus an Clár Beart Bainteach
- An Clár Réigiúnach um Chaomhnú Uisce
- Measúnú Straitéiseach Comhshaoil den Staidéar Draenála do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Plean Réigiúnacha Straitéiseach do Sheirbhísí Uisce 2011-2017
- Plean Bainistíochta Riosca Tuile d'Fhine Gall Thoir (FEMFRAMS)
- Plean Bainistíochta Riosca Tuile d'Abhantrach na Life

- Pleananna Oibríochtúla Bliantúla
- "Transforming Public Services" – tuairisc ón Tascfhórsa ar an tSeirbhís Phoiblí

AGUISÍN 2

COMHAIRLEOIRÍ CONTAE ARNA DTOGHADH MEITHEAMH 2009

CL Bhaile Brigín/Shord

Ciarán Byrne (Méara Meitheamh 2009 – Meitheamh 2010)
Ken Farrell
David O'Connor
Tom O'Leary
May McKeon
Clare Daly
Gerry McGuire
Tom Kelleher
Darragh Butler
Anne Devitt

CL Chaisleán Cnucha/Mhullach Eadrad

Eithne Loftus
Peggy Hamill
Mags Murray
Matthew Waine
Ruth Coppinger
Kieran Dennison
Patrick Nulty
David McGuinness
Michael O'Donovan

CL Bhinn Éadair/Mhullach Íde

Peter Coyle
Cian O'Callaghan
Eoghan O'Brien
Alan Farrell
Joan Maher

COMHAIRLEOIRÍ BAILE BHAILE BRIGÍN ARNA DTOGHADH MEITHEAMH 2009

Monica Harford (Cathaoirleach June 2009 – June 2010)
Larry Dunne
Sean Brown
Terry Kelleher
Grainne Kilmurray
Grainne Maguire
Dermot Murray
Peadar O'Kelly
Frank Snowe